

SMACHT

An Chéad Eagrán 2013
© Colm Mac Confhaola 2013

ISBN 0 898332 87 2

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin digiteach, leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódoireacht: Clódoirí Lurgan



Foras na Gaeilge

*Tugann Foras na Gaeilge
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann an Chomhairle Ealaíon
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

smacht

Colm Mac Confhaola

*Níl aon aithris sa leabhar seo ar
aon duine beo nó marbh.*

1

Bhí an oíche caite ag Rós de Barra ag tabhairt aire do leanaí. Thiomáin fear an tí abhaile í. Bhí barúil aici go raibh braon istigh aige. D'fhág sé í ag geata a tí agus chas sé an carr. A luaithe is a d'oscail sí an doras tháinig néal deataigh amach chuici. Las sí an solas. Bhí deatach dubh ag stealladh amach chuici ón seomra suite. Ghlaoih sí in ard a gutha ach níor fhreagair éinne í. Rith sí amach ar an tsráid. Bhí an carr ag imeacht. Thosaigh sí ag béicíl is ag luascadh a lámh tríd an aer ag iarraidh aird an tiománaí a tharraingt uirthi. D'imigh sé leis de ruathar amach ar an mbóthar mór. D'fhill sí ar an teach. Bhí an halla agus an staighre in aon bhladh mhór lasrach. Rug sí ar a teileafón póca le glaoch ar an mbriogáid dóiteáin ach thuig sí láithreach gur ghá beart a dhéanamh ar an toirt. Isteach léi sa ghairdín tosaigh agus chaith sí clocha trí na fuinneoga thuas staighre.

‘Cad sa foc atá ort, a focin óinseach?’ arsa Joe, a hathair, amach an fhuinneog bhriste.

‘Tá an teach trí thine! Beir ar na cailíní agus na buachaillí, agus léimigí amach an fhuinneog!’ ar sise de bhéic is chuir sí cloch eile trí fhuinneog na mbuachaillí. D'oscail a hathair doras a sheomra codlata. Ba bheag nár shlog na lasracha é.

Dhún sé de phreab é. Bhuail sé balla sheomra na mbuachaillí sular dhreap sé féin agus a bhean Mary amach an fhuinneog ag fógairt in ard a ghutha go raibh an teach trí thine. Dhreap na buachaillí amach a bhfuinneog freisin. Bhí seomra Rós ar chúl an tí. Chonaic sí nach raibh na cailíní beaga ag a hathair. Shamhlaigh sí iad, uafás orthu agus na lasracha beo mór-thimpeall orthu. Thosaigh sí ag cnagadh ar dhoras an tí béal dorais.

‘Tá an teach trí thine agus na cailíní istigh ann!’

Bhí Mary agus Joe ag béicíl in ard a ngutha freisin. Bhí na comharsana ag féachaint amach na fuinneoga. Bhí an tine ag pléascadh is ag búiríl agus lasracha móra ag léim amach an doras tosaigh. Tháinig na comharsana ag rith chucu ina gcultacha oíche.

‘Tá na cailíní beaga sa seomra codlata ar chúl an tí!’ arsa Rós. Bhí sí beagnach as a ciall le scanradh. Isteach leo sa teach béal dorais agus amach sa ghairdín. Fuair fear dréimire, suas leis agus rinne sé a dhícheall an fhuinneog a oscailt. Chonaic Rós go raibh na cuirtíní agus an seomra trí thine.

‘Tabhair dom casúr nó rud éigin!’ arsa an fear. Shín duine spád suas chuige. Ní túisce a bhris sé an ghloine ná léim bladhm mhór amach chuige. Chuir sé a lámh isteach chun an glas a bhaint den fhuinneog agus é ag glaoch ar na cailíní teacht chuige. Léim bladhm mhór eile chuige a dhóigh a lámh agus a chuir a chuid gruaige ar lasadh. Thit sé den dréimire is bhí an t-ádh leis nár scoilt sé a cheann ar choincréit an chlóis.

Bhí Mary ag scréachaíl. D’iarr Joe ar dhuine de na comharsana a chóta a thabhairt dó. Chuir sé thar a cheann mar chosaint é agus dhreap sé in airde. Bhí sé fánach aige. Bhí na lasracha ag búiríl is bhí an teach go léir ina spóirseach thine.

Bhí díon an tí ag titim isteach faoin am ar tháinig an

bhriogáid dóiteáin. Níor fhéad siad aon rud a dhéanamh ach scairdeanna uisce a stealladh isteach na fuinneoga go dtí gur tháinig maolú ar fhraoch na lasracha. Bhí sé an-déanach nuair a d'éirigh leo an dá chorpán bheaga dhubha a iompar amach. Tógadh go dtí an t-ospidéal iad le scrúdú iarbháis a dhéanamh orthu.

Chuir fear teach soghluaiste ar fáil dóibh. Chuidigh an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na heagraíochtaí carthanachta leo. Scrúdaíodh an teach. Ba é tuairim na saineolaithe gur thosaigh an tine sa tolg a bhí os comhair na teilifíse sa seomra suite.

‘Toitíní damanta mo mháthar,’ arsa Rós léi féin ach ní dúirt sí tada os ard.

Bhí an séipéal lán agus an dá chónra bheaga bhána á seoladh síos an pasáiste. Bhí gach éinne ag croitheadh lámh lena máthair agus lena hathair agus ag rá go raibh trua an domhain acu dóibh, is ag fiafraí an bhféadfaidís cabhrú leo, ach mheas Rós gur chuma leo fúithi féin agus faoina beirt deartháireacha a raibh a gcroí chomh dubh le fraitheacha briste gualaithe an tí. Mar bharr ar gach donas bhí lucht na teilifíse ag brú isteach orthu sa reilig ag iarraidh radharc maith a fháil orthu.

Ba ghruama an dream iad nuair a d’fhill siad ar an teach soghluaiste. Tháinig fear ón gComhairle Contae is dúirt sé go raibh súil aige go bhféadfaidís iad a aistriú go teach nua san eastát céanna gan mhoill.

‘Ní fhéadfainn dul ar ais go dtí an t-eastát sin,’ arsa Joe. ‘Bhrisfeadh sé ár gcroí ar fad.’

Thacaigh Mary leis.

‘Tuigim bhur gcás,’ arsa an fear. ‘Déanfaidh mé mo mhíle dícheall teach a fháil daoibh i mbaile éigin eile.’

Chuir sé glooch ar Áras an Chontae. D'fhill sé leis an scéal go raibh teach deas le fáil ar an taobh thall den chontae.

‘Tá trí sheomra codlata ann. Tá sé péinteáilte go deas agus bail mhaith ar gach aon rud.’

Tráthnóna gruama Déardaoin a bhí ann. Bhí an tAthair Langton-Fisher díreach tagtha abhaile ó Phobalscoil na Sionainne áit a raibh sé ina shéiplíneach. An tAthair Plankton a thugadh na daltaí air. Ní túisce a raibh an cupán tae ullamh aige agus é á ardú lena ól ná thosaigh an teileafón ag bualadh. Duine a bhí ag obair sna seirbhísí sóisialta a bhí ag glooch. ‘Is dócha gur chuala tú faoi mhuintir de Barra agus an dóiteán,’ ar sise. ‘Bhuel, tá siad ag aistriú leo go hEastát Radharc na hAbhann. B’fhéidir gur mhaith leat cuairt a thabhairt orthu. Tá faitíos orm gur teaghlach mífheidhmiúil iad.’

‘Cé chomh mífheidhmiúil is atá siad?’

‘Mífheidhmiúil go leor ach ní baol iad do dhream ar bith eile ach dóibh féin. Tá cúnamh á fháil acu ach is í an cailín is sine, Rós, a thugann aire dóibh. Níor oibrigh an t-athair riamh lena shaol agus ní féidir leis an máthair mórán a dhéanamh seachas toitíní a chaitheamh. Beidh ar na gasúir aistriú go scoileanna sa chomharsanacht. B’fhéidir go bhféadfá na múinteoirí a chur ar an eolas.’

Gheall sé go ndéanfadh sé é sin. D’fhéach sé air féin sa scáthán sular imigh sé amach agus rinne sé deimhin de nach raibh na ribí ag imeacht ar strae. Mura raibh mórán gruaige aige bhí sé cúramach faoina raibh fágtha. Bhí cloigeann mór air, srón fiolair agus éadan bog bándearg. Bhí déliónsaí a raibh frámaí órga orthu á gcaitheamh aige agus bhí croiméal agus meigeall néata bán air. Shuigh sé isteach ina charr agus chas sé an eochair. Thosaigh an t-inneall. Chuir sé siansa le Beethoven

ar siúl. Carr mór nua compordach a bhí aige. Bhí torann an innill agus na rothaí mar a bheadh dordán bog i bhfad uaidh. Chuala sé gach nóta go soiléir.

‘Bail ó Dhia ort. Is mise an tAthair Langton-Fisher. Chaithfeadh sé gur tusa Rós,’ ar seisean ina shainghuth dordánach nuair a d’oscail Rós an doras. Chonaic sé láithreach go raibh sí dathúil, glan, slachtmhar, gruaig fhada fhionn uirthi, snua álainn na hóige ina leicne agus gan smideadh ar bith uirthi.

‘Is deas bualadh leat. Cén chaoi a bhfuil tú ar chor ar bith?’ ar seisean agus d’fháisc sé a lámh go teann. Thuig sé a thábhachtaí is a bhí sé lámh a chroitheadh le daoine, agus bhíodh focal feiliúnach ar bharr a ghoib aige i gcónaí. Mhóthaigh sí go raibh a lámh an-bhog. Mheas sí gur dhuine cneasta é. Bhí t-léine agus jions á gcaitheamh aici a bhí fáiscthe go teann uirthi. Shamhlaigh sé go gcuirfeadh sí gliondar ar an té a bhainfeadh na héadaí di agus a shínfeadh siar sa leaba léi.

‘Is leor é sin, a Sheáin!’ ar seisean leis féin agus chuir sé an smaoinemh uaidh. Sheol sí isteach é.

‘Cén fáth ar cheadaigh Dia a leithéid dár gcailíní beaga áille?’ arsa Mary nuair a chonaic sí é agus phléasc sí amach ag gol. ‘Cén fáth ar thóg sé mo bheirt chailíní beaga áille uaim?’

Straille mhór mheánaosta a bhí inti, gruaig liath uirthi agus éadan mór dearg.

‘Thóg sé iad toisc gur fhág tú ceann de do thoitíní bréana ar lasadh ar an tolg,’ arsa Rós faoina fiacla agus í ag breathnú an treo eile.

Labhair an sagart leo ar feadh tamaill fhada agus chuir sé a lán ceisteanna orthu. Duine fiosrach a bhí ann ó dhúchas, agus lena chois sin thuig sé go dtugadh sé sólas do dhaoine go minic nuair a chuireadh sé spéis ina scéalta. Nuair a bhí deireadh ráite acu dúirt sé go dtabharfadh sé na gasúir ar scoil

ar an Luan. Ghabh siad buíochas leis. Thiomáin sé abhaile agus ceol Beethoven á thionlacan.

‘*One day at a time sweet Jesus,*’ ar seisean agus é ag dul thar an teach tábhairne, ‘*that’s all I’m asking of you,*’ agus lean sé ar aghaidh go dtí a theach féin. Bhí an cathú imithe — ar feadh tamaill ar aon nós. ‘Ó a Thiarna Uilechumhachtaigh Mhóir, fóir ormsa atá faonlag dearóil,’ ar seisean agus é ag páirceáil an chairr. D’oscail sé doras mór tosaigh a thí agus isteach leis. D’airigh sé an macalla folamh uaigneach a bhain an doras as an halla mór nuair a dhún sé é.

Suas leis go dtí an leithreas. Bhí an chosúlacht ar Rós go níodh sí í féin go maith ach is ag Dia amháin a bhí a fhios cathain a níodh an chuid eile den teaghlach a lámha. Bhí a dhualgas Críostaí déanta aige ag croitheadh lámh leo ach níorbh aon chuid den dualgas sin galar nó galrú a fhulaingt de bharr a chuid iarrachtaí. Nigh sé a lámha go maith sular ghlaigh sé ar a chompánach an Dr Huntington le socrú a dhéanamh bualadh le chéile in óstán tráthnóna Dé Luain. Duine éirimiúil, tuisceanach, cneasta ab ea an Dochtúir a thaitin go mór leis an sagart.

Chuir Cumann Naomh Unseann de Pól troscán agus trealamh tí ar fáil don teaghlach agus socraíodh go rachaidís go dtí an baile mór an lá dar gcionn le héadaí agus gach rud a bheadh ag teastáil uathu a cheannach. Thóg mionbhus ann iad agus bhí Rós in ann a rogha éadaí a cheannach di féin don chéad uair riamh.

‘Ceannaigh na rudaí is daoire,’ arsa Joe i gcogar le Rós. ‘Ní bhfaighidh tú an focin seans seo arís.’

Ghlac sí lena chomhairle agus cheannaigh sí seaicéad, gúnaí deasa, jions, blúsanna, barréidí, foirne deasa éadaí cnis,

bróga agus gach rud eile a mheas sí a bhí riachtanach. Ní raibh lá siopadóireachta aici riamh mar é agus chabhraigh sí leis an gcuid eile acu rudaí oiriúnacha a cheannach dóibh féin.

Chuaigh siad ar bord an mhionbhus ach b'éigean don tiománaí stopadh tamall ón mbaile beag toisc go raibh bus scoile stoptha lasmuigh de bhungaló. Bhí grian an tráthnóna ag taitneamh ach ní raibh éinne de na daltaí ar an mbus ag féachaint ar áilleacht na Sionainne ná ar iontas na dúiche. Ní raibh uathu ach dul abhaile. D'ardaigh Cormac Ó Briain a mhála scoile agus sheas sé suas. Buachaill dathúil ceithre bliana déag d'aois a bhí ann.

'Focáil leat abhaile! Níl piteoga uainn anseo!' arsa buachaill de bhéic ó chúl an bhus. Lig scata daltaí béic gháire astu. Lig Cormac air nár chuala sé tada agus d'fhág sé an bus. Chonaic Rós go raibh dealramh buartha ar a éadan agus é ag féachaint i dtreo a thí. Ní raibh a fhios aici go raibh sé ag féachaint an treo sin chun nach bhfeicfeadh sé an triúr buachaillí ar chúl a bhus ag tabhairt comharthaí na méar dó. Isteach an geata leis agus suas go dtí an teach. Bhí a mháthair sa chistin roimhe.

'Bhuel, a Chormaic, an raibh lá deas ar scoil agat?' ar sise agus í ag ligean uirthi nach raibh imní ar bith uirthi.

'Bhí!' arsa Cormac agus fiú dá mbeadh a bheo ag brath air ní inseodh sé di gur thug sé na fadhbanna céanna leis nuair a d'aistrigh sé go dtí a scoil nua. Bhí barúil aici nach raibh sé ag insint iomlán na fírinne. Chuaigh sé go dtí a sheomra. Bhí uisceadán aige ann. D'fhéach na héisc órga air agus sceitimíní orthu agus iad ag súil le brus bia uaidh ach ní dheachaigh sé ina dtreo. Chonaic siad é ag caitheamh a mhála ar an urlár. Níor thuig siad go raibh a aigne ina chíor thuathail. Ba ghráin leis na leasainmneacha a mbíodh na dailtíní ar an mbus á dtabhairt air. Ba ghráin leis formhór na mbuachaillí a raibh

aithne aige orthu. Chuiridís siad samhnas air leis na béasa garbha agus an chaint bhrocach a bhíodh acu. Bhíodh sé níos compordaí i measc na gcailíní, bíodh is nár mhothaigh sé é féin á mhealladh chuig duine ar bith acu.

‘A Dhia, ná lig dom bheith aerach!’ ar seisean. B’in rud a chuirfeadh uamhan ar a chroí. Stán na héisc órga air ach níor thuig siad go raibh sé ag briseadh a chroí ag gol. Nuair a chuaigh sé síos an staighre ar ball chonaic a mháthair rian dearg ar a shúile agus mhéadaigh an t-ímní a bhí uirthi. Labhair sí lena fear céile, Gearóid, faoi ar ball.

‘Ara, cá bhfios dúinn nár thit sé agus é ag imirt cispheile?’ ar seisean. ‘Is maith an scéalaí an aimsir. Feicfimid.’

Ní raibh a mháthair sásta. ‘Bhí cuma an-bhuartha air agus rian na ndeor ar a shúile.’

‘Is iomaí craiceann a chuireann an óige di agus níor cheart dúinn a bheith ár gcrá féin faoi,’ ar seisean ach bhí a sciar féin den ímní air faoina mhac.

‘A Dhia, cad eile is féidir linn a dhéanamh?’ ar sise os íseal agus í ag siúl amach go dtí an chistin.

Thuig Rós gur ghá athruithe móra a dhéanamh agus gurbh é sin an t-am chuige. D’ullmhaigh sí béile don teaghlach agus nuair a bhí sé caite acu d’fhógair sí go raibh sé in am acu socruithe a dhéanamh.

‘Cad sa foc atá i gceist agat?’ arsa Joe.

Mhínigh Rós go raibh teach breá faighte acu agus tús nua sa saol. Níor mhian léi go mbeadh sé chomh salach leis an seanteach i gceann míosa. Bheadh ar gach éinne a sciar féin den obair a dhéanamh, agus rud eile, má bhí sise ag dul ag ceannach is ag cócaireacht ba choir go mbeadh an t-airgead ar fáil aici chuige sin.

‘Bhuel, nílimse ag dul ag déanamh aon focin obair ban!’ arsa Joe. Bhí fonn ar Rós a rá nach raibh sé ag déanamh aon focin obair fear ach oiread. Tar éis beagán argóna tháinig siad ar chomhréiteach. Bhreathnódh Joe i ndiaidh an ghairdín agus an bhruscair. Bhí a fhios ag Rós nach raibh sé ar chumas a máthar mórán a dhéanamh agus roinn sí formhór na hoibre eile idir í féin, Michael agus Patrick.

‘Níl sé ar intinn agam a bheith ag iarnáil daoibh,’ ar sise. ‘Tá gach éinne agaibh sách mór lena dhéanamh.’

‘Obair ban é sin,’ arsa Joe ach dhiúltaigh sí glan é a dhéanamh.

‘Féadfaidh do chuid éadaí nua fanacht gan iarnáil mar sin!’ ar sise, ‘agus rud eile, tá éadaí breátha againn go léir. Mura gcrochann sibh suas iad san oíche beidh sibh go léir ar nós tincéirí i gceann seachtaine.’

Nuair a bhí deireadh ráite chuaigh Mary agus Joe amach ag ól.

‘Maróidh mé an bheirt agaibh má mhilleann sibh an teach seo,’ arsa Rós lena dheartháireacha. ‘Bhí na cailíní sa chlochar ag rá gur chlann tincéirí muid is go raibh an teach ba bhrocaí sa sráidbhaile againn. Geallaim daoibh go maróidh mé sibh má shalaíonn sibh é, agus rud eile, tá sé ar intinn agam marcanna maithe a fháil sna scrúduithe agus post maith a fháil.’

‘Is dócha go mbeidh post agat san ospidéal agus tiúb agat ag féachaint suas tóineanna daoine,’ arsa Patrick agus lig sé béic gháire as. Rug Rós greim air agus d’fháisc a chluas go dtí gur lig sé scréach phéine as.

‘Múinfidh sé sin ceacht duit agus múinfidh mé tuilleadh ceachtanna duit má mhilleann tú an teach seo nó mura mbíonn sibh ag foghlaim ar scoil.’

‘Ní féidir leat iallach a chur orainn a bheith ag foghlaim,’ ar seisean agus é ag tabhairt a dúshláin.

‘Sin a mheasann tú,’ ar sise agus rinne iarracht breith ar chluais arís air ach d’éalaigh sé uaithi ag cur strainceanna air féin agus ag cantaireacht, ‘Ní féidir leat! Ní féidir leat! Ní féidir leat iallach a chur orainn!’

Lean sí trasna an tseomra é ach theith sé amach an doras, suas an staighre agus isteach ina sheomra. Chuir sé glas ar an doras agus lean dá chantaireacht, ‘Ní féidir leat! Ní féidir leat! Ní féidir leat iallach a chur orainn!’

‘Feicfidh tú gur féidir,’ ar sise agus chuaigh sí síos an staighre.

Chuaigh sí go dtí an ollmhargadh, áit ar chroch sí suas fógra beag:

FEIGHLÍ LEANAÍ IONTAOFÁ AR FÁIL
DÉAN TEAGMHÁIL LE RÓS

agus chuir sí a seoladh nua faoi. Níorbh fhéidir léi a huimhir theileafóin phóca a chur leis. Scriosadh é oíche an dóiteáin. Nuair a bhí sí sásta lena cuid oibre d’fhill sí abhaile. Chuaigh sí go dtí a seomra, áit ar chaoin sí uisce a chinn. Thit a codladh uirthi ach dhúisigh sí níos déanaí. Bhí Mary ag briseadh a croí ag gol sa seomra taobh léi. Thit a codladh ar Rós tar éis tamaill ach bhí tromluí millteach aici. Shamhlaigh sí go raibh an teach ina spóirseach mhór thine agus a beirt deirfiúracha beaga ag scréachaíl uirthi teacht i gcabhair orthu.